Coláiste Chara ,Cill Chartha: Polasaí Cosaint leanaí

Glacann an Bord Bainistíochta leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí maidir le gach gné de shaol an choláiste agus nach mór sin a bheith le sonrú ar pholasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht uile an choláiste. Dá réir sin, ag teacht lena n-éilítear faoi 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Iarbhunscoileanna na Roinne Oideachais agus Scileanna, tá an polasaí seo a leanas maidir le caomhnú leanaí aontaithe ag Bord Bainistíochta Choláiste Chara. Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne agus déanfar a gcur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú, mar chuid den pholasaí ginearálta maidir le caomhnú leanaí.

Aidhmeanna an Pholasaí

Is iad aidhmeanna an Pholasaí Chosaint Páistí seo nó:

• Nós imeachta chun deileáil le agus chun tuairisc a dhéanamh ar ábhair imní/ cásanna de neamart nó mí úsáid ar pháistí.

•Cosaint a dhéanamh ar leas an pháistí agus idirghábháil a dhéanamh más gá chun a gcceartanna a chosaint.

• Cabhrú le foireann an choláiste comharthaí neamart agus mí- úsáid a aithint.

• Timpeallacht slán sábháilte muiníneach a chur ar fáil i bpobal an choláiste.

• Nós imeachta do deá chleachtas a chur ar bun chun páistí agus foireann Choláiste Chara chosaint.

Sainmhíniú Drochúsáid . Tá ceithre saghas drochúsáid:

• Faillí/Neamart

• Drochúsáid Mhothúchánach

• Drochúsáid Chorpartha

• Drochúsáid Ghnéasach

Sainmhíniú ar Faillí/ Neamart:

Is féidir faillí a mhíniú i dtéarmaí easnaimh, nuair a fhulaingíonn leanaí díobháil nó lagú suntasach forbartha trí bhia, éide, teas, sláinteachas, spreagadh intleachtúil, maoirsiú, sábháilteacht nó cúram leighis a cheilt orthu, nó nuair nach mbíonn ceangal acu le daoine fásta nó gean ag daoine fásta orthu.

Sainmhíniú ar Dhrochúsáid Mhothúchánách

Aimsítear drochúsáid mhothúchánach go hiondúil sa chaidreamh idir tuismitheoir nó cúramóir agus leanbh seachas in eachtra amháin nó i bpatrún eachtraí. Tarlaíonn sé nuair nach sásaítear riachtanas forbartha an linbh maidir le gean, faomhadh, comhsheasmhacht agus slándáil. Mura bhfuil foirmeacha eile drochúsáide i gceist, is annamh a fheictear comharthaí nó airíonna fisiciúla. Seo roinnt samplaí:

(i) saintréithe diúltacha a chur i leith leanaí, trí cháineadh seasmhach, searbhas, naimhdeas agus ag fáil lochta orthu;

(ii) tuistiú coinníollach ina bhfuil an leibhéal cúraim a léirítear do leanbh ag brath ar iompraíochtaí nó ar ghníomhaíochtaí uaidh/uaithi;

(iii) gan tacaíocht mhothúchánach a bheith le fáil ag an leanbh óna thuismitheoir nó ón chúramóir;

(iv) gan an tuismitheoir nó an cúramóir a bheith sofhreagrach i leith an linbh, nó go mbeadh sé nó sí ag súil le rudaí neamh-chomhsheasmhacha nó neamhchuí ón leanbh;

(v) freagracht a chur ar leanbh ró-luath ina s(h)aol;

(vi) ionchais neamhréadúla nó neamhchuí ar inniúlacht an linbh chun rud a thuiscint nó é féin nó í féin a iompar nó a rialú ar bhealach áirithe;

(vii) gan a bheith sách cosanta nó a bheith ró-chosanta i dtaca leis an leanbh;

(viii) teip suim a léiriú, nó deiseanna oiriúnacha de réir aoise a sholáthar, maidir le forbairt

mhothúchánach agus chognaíoch an linbh;

(ix) bearta smachta atá mí-réasúnta nó ró-ghéar a úsáid;

(x) foréigean teaghlaigh a chur os comhair an linbh;

(xi) ábhar míchuí nó mí-úsáideach a chur os comhair an linbh trí theicneolaíocht nua.

Sáinmhíniú ar Dhrochúsáid Chorpartha

Is éard atá i ndrochúsáid chorpartha linbh ná iompar a bhfuil dochar fisiceach iarbhír nó féideartha ag baint leis de thoradh idirghníomhaíochta, nó easpa idirghníomhaíochta, atá go réasúnta faoi smacht tuismitheora nó duine i bpost freagrachta, cumhachta, nó iontaobhais. D'fhéadfadh eachtra amháin a bheith i gceist nó eachtraí arís is arís eile.

Is féidir na rudaí seo a bheith i gceist le drochúsáid chorpartha: (i) pionós dian corpartha; (ii) plancadh, leangadh, bualadh nó ciceáil; (iii) brú, croitheadh nó caitheamh; (iv) scealpóga a bhaint as an leanbh nó greim fiacla a chur ann nó inti, an leanbh a thachtadh nó a c(h)uid gruaige a tharraingt; (v) an leanbh a scanrú le bagairtí; (vi) breathnú ar fhoréigean; (vii) fórsa iomarcach a úsáid i mbun láimhseála; (viii) nimhiú d'aon turas; (ix) plúchadh; (x) tinneas bréige nó spreagtha (féach ar Aguisín 1 le haghaidh sonraí); (vi) baol a cheadú nó a chruthú go dtarlódh díobháil mhór don leanbh

Sainmhíniú ar Dhrochúsáid Ghnéasach

1 Tarlaíonn drochúsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine eile úsáid as leanbh dá s(h)ásamh nó dá f(h)loscadh gnéasach féin, nó ar mhaithe le sásamh nó floscadh gnéasach daoine eile. Cuimsíonn samplaí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí: (i) nochtadh na mball gnéasach nó gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d'aon turas i láthair an linbh; (ii) teagmháil nó ainteagmháil ar chorp an linbh d'aon turas cibé ag duine nó rud do shásamh nó floscadh gnéasach; (iii) glacaireacht i láthair an linbh nó páirtíocht an linbh i ngníomh na glacaireachta; (iv) caidreamh collaí le leanbh, cibé caidreamh béil, na faighne nó tóna;

Treoirlínte chun Drochúsáid Leanaí:

Bíonn trí cheim i gceist de ghnáth maidir le drochúsáid nó faille leanaí a aithint:

1.Breithniú na Féidearachta- más amhlaidh go bhfuil gortú amhrasta fulaingthe aige/aici, má tá an leanbh faoi anchair gan cúis sholéir, má leiríonn an leaqnbh freagairtí neramhchoitianata nó eagalcha I leith a th)uismítheoirí/ chúramóirí.

2. Ag faire amach do Chomharthaí Drochúsáide-Má bhíonn braisle nó patrún comharthaí ann is mó an seans atá ann go bhfuil faille nó drochsáid á tabhairt. D'fhéadfádh leanaí nod a thabhairt go bhfuil díobháil a dhéanamh orthu agus insíonn siad amach é uaireanta. Ba chóir glacadh go han dairíre i gcónaí le haon rud a insíonn leanbh agus ba cheart beart a dhéanamh dá réir. D'fhéadfaí comharthaí nach bhfuil chomh soiléir a chíoradh go cúramach leis an leanbh, ach gan ceisteanna díreacha a chur (de ghnáth déanfaidh na gargsdaí nó an Bord Sláinte seo.)D'fhéadfadh cúinsí sugartha, cosúil le pictiúir a tharraingt n scéalaíocht leideanna a thabhairt. Comharthaí neamhshonracha iad a lán de na comharthaí drochúsáide agus caithfear iad a bhreithniú i gcomhthéacs sóisaialta agus teaghlaigh an linbh. Tá sé tabhachtach glacadh leis go bhféadfái míniyhe eile seqchas drochúsád a thabhairt ar chomharthaí fisiceacha agus iompraíochta.

3. Taifeadadh Faisnéise: Má tá amhras ann go bhfuil drochúsád a thabhairt do leanbh nó faillí á dheanamh air nó uirthí; tá sé tabhachtach insint do sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh. Ba chóir an méid a fheictear a thaifeadadh go cruinn ag tabhairt dátaí, amanna, ainmneacha, ionaid, agus comhtéacs.

Déileáil le cásanna ina ligean leanaí scéal amach

Is é is dóichí go mbeadh leanbh ar tugadh drochúsáid air faoi strus géar mothúchán agus tharlódh gur duine den fhoireann an t-aon duine fásta a mbeadh an leanbh sásta iontaoibh a chur ann. Déanfar cúram faoi leith gan dochar de chineál ar bith a dhéanamh don iontaoibh sin.

Nuair a chuirtear faisnéis ar fáil faoi rún, ní mór don bhall foirne bheith tuisceanach mothálach sa chaoi a nglactar leis an scéal a ligtear leis. Beidh ar an mball foirne an leanbh a chur ar a shuaimhneas agus féachaint leis an trust eatarthu a chaomhnú le linn a mhíniú don pháiste go mbeidh gá beart a dhéanamh agus go gcaithfear chuige sin tuilleadh daoine fásta a chur ar an eolas. Is den tábhacht go n-insítear don leanbh go ndéanfar gach ní is féidir chun a chosaint agus cúnamh a thabhairt dó agus nach dtugtar aon gheallúint nach féidir maith a

dhéanamh de e.g. gealladh gan an scéal a insint d'aon duine eile. Cé gur gá an bunús atá leis an ábhar buartha a shocrú chomh mór agus is féidir sin, cuirtear an méid seo a leanas de chomhairle ar dhuine ar bith d'fhoireann an choláiste a ligeann leanbh scéal faoi dhrochúsáid leis.

• 1 An beart atá le déanamh ag foireann na scoile I gcás go mbíonn duine den fhoireann in amhras gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh : Más duine faoi shainordú nó duine nach bhfuil faoi shainordú ba chóir gan mhoill, tuairisc ar an chás a thabhairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe sa choláiste agus taifead i scríbhinn a choinneáil ar an bhfaisnéis ar fad a thugtar thar tréimhse ama.

•Sa chás go ndéantar líomhain le duine den fhoireann gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh eile, ba chóir don mhuinteoir/ ceannaire/,bean an tí sin, iarradh air/uirthi labhairt leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe sa choláiste .Muna bhfuil sé/sí sásta sin a dhéanamh inseoidh ball den fhoireann don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

•Sa chás go ndéantar líomhain le duine den fhoireann gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh féin, ba chóir éisteacht go báúil agus aird dáiríre a thabhairt ar a n-abraíonn an leanbh. Ní mór a choinneáil i gcuimhne i gcónaí gur ról cúl taca atá ag foireann na scoile agus nach ról imscrúdúcháin.

Ba chóir don bhall foirne:

Éisteacht go cúramach leis an leanbh

Ba cheart go dtuigfeadh an leanbh nach féidir aon chuid den eolas a choinneáil ina rún;

• Níor cheart ceisteanna a chur ar an leanbh mura bhfuil doiléire ag baint lena bhfuil á rá. Ba cheart ceisteanna a sheachaint a mbeadh treoir maidir le freagra iontu. Ceisteanna fairsinge oscailte is ceart a úsáid. Déantar taifead ar an gcuntas a bhreacadh síos chomh luath agus is féidir tar éis na hinsinte agus focail an linbh féin in úsáid chomh mór agus is féidir sin.

• Is den tábhacht go bhfanfaí socair réidh agus nach léireofaí aon mhothúchán róghéar i ndáil lena bhfuil á rá ag an leanbh. Is é atá de dhualgas ar an té a n-insítear eolas den sórt seo dó tuairisc scríofa a thabhairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. Coinneoidh an DIA an t-eolas faoi ghlas in áit sábháilte.

Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

Tá Roise Ni hOireachaigh 0877084700 ainmnithe ag Choiste Choláiste Chara mar an DIA agus tá Maireád Ui Bhrádaigh 0861556035 ainmnithe mar an Leas-DIA chun cúraimí an DIA a dhéanamh sa chás nach mbíonn an DIA ar fáil ar chúis ar bith.

Beidh ainm an DIA agus an Leas DIA ar taispeáint in ionad feiceálach i ngach ionad sa choláiste. Feidhmeoidh an DIA mar dhuine caidrimh le gníomhairí seachtracha. Beidh an DIA mar fhoinse acmhainní ag aon duine den fhoireann a bhfuil ceist maidir le caomhnú leanaí ina ábhar buartha aige nó aici.

Mar fhoinse acmhainní, cinnteoidh an DIA go bhfuiltear ar an eolas faoi cheisteanna a bhaineann le caomhnú leanaí. Cinnteoidh an DIA go dtéitear faoin oiliúint a mheastar a bheith riachtanach chun fanacht ar an eolas faoi chora nua sa réimse sin. Beidh an DIA in éineacht le duine faoi shainordú a insírear scéal dó/ di ag déileáil le Túsla, leis an Gharda Síochána agus le páirtithe eile, i ndáil le líomhaintí agus / nó ábhar buartha maidir le drochúsáid nó faillí ar leanaí. Cuirfear in iúl do na páirtithe eile sin gur tríd nó leis an DIA a dhéanfar gach beart caidrimh a bhaineann le próiseáil nó measúnú/fiosrúchán maidir le líomhain gur tharla drochíde a imirt ar leanbh.

An beart atá le déanamh ag an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe

Sa chás go bhfuil ábhar buartha ann faoi leanbh, ach nach bhfuil an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe cinnte ar cheart tuairisc faoin gcás a thabhairt do Thúsla, iarrfaidh an DIA comhairle ar Thúsla. I mbun comhairliúcháin le Túsla, beidh an DIA lán soiléir gur ag iarraidh comhairle atáthar agus nach bhfuil tuairisc á tabhairt. Ní gá don DIA sonraí lena n-aithneofaí an leanbh a thabhairt ag an tráth neamhfhoirmeálta seo.

Sa chás gurb é comhairle Túsla nach ceart tuairisc a thabhairt, déanfaidh an DIA a luaithe is féidir an Coiste a chur ar eolas faoi seo. D'fhonn go mbeadh an leanbh anaithnid, níor cheart aon sonraí faoin gcás a ligean leis an Choiste mura bhfuil nithe i gceist nach mór don Choiste plé leo go díreach.

Má shocraíonn an DIA nár chóir ábhar imní dhuine d'fhoireann na scoile a chur faoi bhráid Túsla, tabharfar ráiteas soiléir i scríbhinn don duine sin den fhoireann mar gheall ar na

chomh maith go bhfuil lánchead, sa chás go bhfuil an scéal ina ábhar buartha i gcónaí, dul i gcomhairle le Túsla nó tuairisc a thabhairt do Thúsla. Ba cheart sa chás sin úsáid a bhaint as an bhFoirm Tuairiscíochta Caighdeánach.

Rúndacht

Níor chóir aon fhaisnéis maidir le himní go mbeadh drochúsáid agus faillí á himirt ar leanbh a thabhairt ach amháin don té ar gá dóibh an t-eolas sin a bheith aige ar mhaithe leis an leanbh.

Duine Idirchaidrimh Ainmnithe atá ag cur tuairisce faoi bhráid Túlsa nó an Gharda Síochána, cuirfidh sé sin in iúl do thuismitheoir nó caomhnóir murar dócha gurb é an leanbh a chur i mbaol nó contúirt bhreise a tharraingt ar an leanbh a dhéanfaí leis sin a dhéanamh . Coinneofar tuairisc ar an eolas a chuirtear in iúl don tuismitheoir nó don chaomhnóir ar taifead.

Cosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí

Beidh díolúine ó dhliteanas sibhialta ag aon duine a thugann tuairisc faoi dhrochúsáid linbh "go réasúnta agus le hintinn mhaith" d'oifigigh ainmnithe de chuid Túsla nó do chomhalta ar bith den Gharda Síochána.

Cuirfear cosaint shuntasach ar fáil d'fhostaithe a thugann tuairisc faoi dhrochúsáid linbh. Tagann gach fostaí faoi scáth na cosanta sin agus tugtar leithcheal de chineál ar bith i gceist, leithcheal chomh trom le briseadh as an bpost san áireamh.

Cruthaítear cion nua maidir le tuairisc bhréige faoi dhrochúsáid linbh a thabhairt sa chás go dtugann duine tuairisc faoi dhrochúsáid linbh do na húdaráis chuí agus fios ag an té a thugann é go bhfuil an ráiteas bréagach.

Is cion coiriúil sin agus sin á leagan síos d'fhonn daoine neamhchiontacha a chosaint ar thuairiscí mailíseacha

Pribhléid Shrianta

Cé nach mbaineann an chosaint faoin dlí ach leis na tuairiscí sin amháin ar do na húdaráis chuí (i.e. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Garda Síochána) a thugtar iad, ní chuirtear aon athrú leis an reachtaíocht sin ar an gcás maidir le pribhléid shrianta faoin dlí coiteann agus leanann sin i bhfeidhm mar a bhí go dtí seo. Ar an ábhar sin, sa chás go gcuirfeadh ball den choiste nó duine d'fhoireann scoile eolas ar fáil maidir le hamhras faoi dhrochúsáid nó faillí ar linbh do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe na scoile, nó d'údarás na scoile, mheasfaí faoin dlí coiteann go raibh pribhléid shrianta ag baint le cumarsáid den chineál sin.

Tagann pribhléid shrianta i gceist sa chás go bhfuil de dhualgas ar an té a dhéanann an chumarsáid sin a dhéanamh, nó de cheart aige nó de chúram air an leanbh a chaomhnú agus sa chás gur le duine a bhfuil a mhacasamhail de dhualgas air nó de chúram air, nó de cheart aige, a dhéantar an chumarsáid. An té a thabharfadh an tuairisc, ag feidhmiú dó in loco parentis, bheifí ag súil go bhfeidhmeodh sé chun leasa an linbh agus mheasfaí gur dá réir sin a bhí an té a thabharfadh an tuairisc ag feidhmiú. Ní féidir pribhléid a chur de leataobh ach amháin sa chás gur féidir a léiriú gur go mailíseach a ghníomhaigh an té a thug an tuairisc.

Lena chois sin, an té a thugann tuairisc ar eolas a nochtann leanbh nó ar ábhar buartha maidir le hiompar nó leas linbh, ní mheastar go bhfuil an té sin ag déanamh líomhna mar ábhar cúisimh, ach ag comhlíonadh a chuid dualgaisí le hintinn mhaith. Ní hé go bhfuil rud á chur i leith dhuine ag an té sin ná cúis á tabhairt.

****

Tuairisc an Phríomhoide leis an Choiste

Maidir le tuairisc príomhoide le gach cruinniú de chuid an Choiste

(a) luafar líon na dtuairiscí a thug an DIA do Thúsla ón chruinniú deireanach a bhí ag an Choiste agus (b) luafar líon na gcásanna, ón gcruinniú deireanach a bhí ag an Choiste inar iarr an DIA comhairle ó Thúsla agus inar tharla mar gheall ar an gcomhairle sin nár tugadh aon tuairisc, nó (c) mura raibh cás ar bith de shórt (a) nó (b) thuas, luafar sin. Coinneofar taifead ar an méid thuas i miontuairiscí chruinniú an Choiste.

Tabhair ar Aird: Ní luafaidh tuairisc an Phríomhoide ach an líon cásanna maidir le (a) agus (b) agus ní thabharfar aon sonraí eile maidir leis na cásanna sin. Líomhaintí nó Ábhar Amhrais maidir le Fostaithe

1. Tá nósanna imeachta cosúil leo siúd a leanann líomhaintí

2. Déanfaidh an fostóir socrú chun an fostaí a chur ar an eolas go príobháideach faoi na líomhaintí nó abhair amhrais.

3. Tabharfar deis don fhostaí freagra maidir lena líomhnaítear a thabhairt i scríbhinn agus ag criuinniú den choiste.

4. Coinneoidh an fostóir caidreamh dlúth rialta ar bun le Túsla nó leis an Gharda Síochána agus is leis an aird chuí ar an gcomhairle a chuireann na húdaráis sin ar an bhfostóir a dhéanfar cinneadh faoi chás an fhostaí de chuid na scoile.

5. Sa chás go bhfuil ordú tugtha ag an bhfostóir go bhfanfadh an fostaí as láthair ón scoil, ní bheadh le tuiscint ó chead scoir den sórt sin go raibh fostaí de chuid na scoile ciontach ar aon mhodh

6. Tar éis fiosrúicháin cuirfear an fostaí ar an eolas faoin gcás agus na nósanna imeachta atá aontaithe maidir leis an earnáil a leanacht

Sa chás gurb é comhairle Túsla gur cheart tuairisc a thabhairt, déanfaidh an DIA de réir na comhairle sin. Déanfaidh an DIA i ngach cás taifead a choimeád faoin gcomhairliúchán le Túsla, lena mbeidh tuairisc ar an dáta, ainm an oifigigh de chuid Túsla agus an chomhairle a tugadh.

Sa chás go bhfuil an DIA sásta go bhfuil bunús réasúnta leis an ábhar amhrais nó leis an líomhain tabharfar an tuairisc sin do Thúsla gan mhoill. Tabharfar tuairisc do Thúsla ar an fhoirm "Foirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí" I gcás éigeandála, nó sa chás nach bhfuil duine d'fhoireann Túsla ar fáil, tugtar an tuairisc don Gharda Síochána. Is féidir sin a dhéanamh ag stáisiún ar bith de chuid an Gharda. Moltar go mbeadh oiread agus is féidir den eolas a lorgaítear san Fhoirm Thuairiscíochta Chaighdeánach.

Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

An beart atá le déanamh ag an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe

Sa chás go bhfuil ábhar buartha ann faoi leanbh, ach nach bhfuil an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe cinnte ar cheart tuairisc faoin gcás a thabhairt do Thúsla, iarrfaidh an DIA comhairle ar Thúsla. I mbun comhairliúcháin le Túsla, beidh an DIA lán soiléir gur ag iarraidh comhairle atáthar agus nach bhfuil tuairisc á tabhairt. Ní gá don DIA sonraí lena n-aithneofaí an leanbh a thabhairt ag an tráth neamhfhoirmeálta seo.

Sa chás gurb é comhairle Túsla nach ceart tuairisc a thabhairt, déanfaidh an DIA a luaithe is féidir an Coiste a chur ar eolas faoi seo. D'fhonn go mbeadh an leanbh anaithnid, níor cheart aon sonraí faoin gcás a ligean leis an Choiste mura bhfuil nithe i gceist nach mór don Choiste plé leo go díreach.

Má shocraíonn an DIA nár chóir ábhar imní dhuine d'fhoireann na scoile a chur faoi bhráid Túsla, tabharfar ráiteas soiléir i scríbhinn don duine sin den fhoireann mar gheall ar na cúiseanna nach bhfuil beart á dhéanamh. Ba cheart a chur in iúl don té sin den fhoireann chomh maith go bhfuil lánchead, sa chás go bhfuil an scéal ina ábhar buartha i gcónaí, dul i gcomhairle le Túsla nó tuairisc a thabhairt do Thúsla. Ba cheart sa chás sin úsáid a bhaint as an bhFoirm Tuairiscíochta Caighdeánach.

Sa chás gurb é comhairle Túsla gur cheart tuairisc a thabhairt, déanfaidh an DIA de réir na comhairle sin. Déanfaidh an DIA i ngach cás taifead a choimeád faoin gcomhairliúchán le Túsla, lena mbeidh tuairisc ar an dáta, ainm an oifigigh de chuid Túsla agus an chomhairle a tugadh.

Sa chás go bhfuil an DIA sásta go bhfuil bunús réasúnta leis an ábhar amhrais nó leis an líomhain tabharfar an tuairisc sin do Thúsla gan mhoill. Tabharfar tuairisc do Thúsla ar an fhoirm "Foirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí" I gcás éigeandála, nó sa chás nach bhfuil duine d'fhoireann Túsla ar fáil, tugtar an tuairisc don Gharda Síochána. Is féidir sin a dhéanamh ag stáisiún ar bith de chuid an Gharda. Moltar go mbeadh oiread agus is féidir den eolas a lorgaítear san Fhoirm Thuairiscíochta Chaighdeánach.

Cuirtear in iúl don Choiste nuair a bhíonn tuairisc dá leithéid á thabhairt do Thúsla.

Cosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí

Beidh díolúine ó dhliteanas sibhialta ag aon duine a thugann tuairisc faoi dhrochúsáid linbh "go réasúnta agus le hintinn mhaith" d'oifigigh ainmnithe de chuid Túsla nó do chomhalta ar bith den Gharda Síochána.

Cuirfear cosaint shuntasach ar fáil d'fhostaithe a thugann tuairisc faoi dhrochúsáid linbh. Tagann gach fostaí faoi scáth na cosanta sin agus tugtar leithcheal de chineál ar bith i gceist, leithcheal chomh trom le briseadh as an bpost san áireamh.

Cruthaítear cion nua maidir le tuairisc bhréige faoi dhrochúsáid linbh a thabhairt sa chás go dtugann duine tuairisc faoi dhrochúsáid linbh do na húdaráis chuí agus fios ag an té a thugann é go bhfuil an ráiteas bréagach.

Is cion coiriúil sin agus sin á leagan síos d'fhonn daoine neamhchiontacha a chosaint ar thuairiscí mailíseacha

Pribhléid Shrianta

Cé nach mbaineann an chosaint faoin dlí ach leis na tuairiscí sin amháin ar do na húdaráis chuí (i.e. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Garda Síochána) a thugtar iad, ní chuirtear aon athrú leis an reachtaíocht sin ar an gcás maidir le pribhléid shrianta faoin dlí coiteann agus leanann sin i bhfeidhm mar a bhí go dtí seo. Ar an ábhar sin, sa chás go gcuirfeadh ball den choiste nó duine d'fhoireann scoile eolas ar fáil maidir le hamhras faoi dhrochúsáid nó faillí ar linbh do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe na scoile, nó d'údarás na scoile, mheasfaí faoin dlí coiteann go raibh pribhléid shrianta ag baint le cumarsáid den chineál sin.

Tagann pribhléid shrianta i gceist sa chás go bhfuil de dhualgas ar an té a dhéanann an chumarsáid sin a dhéanamh, nó de cheart aige nó de chúram air an leanbh a chaomhnú agus sa chás gur le duine a bhfuil a mhacasamhail de dhualgas air nó de chúram air, nó de cheart aige, a dhéantar an chumarsáid. An té a thabharfadh an tuairisc, ag feidhmiú dó in loco parentis, bheifí ag súil go bhfeidhmeodh sé chun leasa an linbh agus mheasfaí gur dá réir sin a bhí an té a thabharfadh an tuairisc ag feidhmiú. Ní féidir pribhléid a chur de leataobh ach amháin sa chás gur féidir a léiriú gur go mailíseach a ghníomhaigh an té a thug an tuairisc.

Lena chois sin, an té a thugann tuairisc ar eolas a nochtann leanbh nó ar ábhar buartha maidir le hiompar nó leas linbh, ní mheastar go bhfuil an té sin ag déanamh líomhna mar ábhar cúisimh, ach ag comhlíonadh a chuid dualgaisí le hintinn mhaith. Ní hé go bhfuil rud á chur i leith dhuine ag an té sin ná cúis á tabhairt.

*****

Cuireann na polasaithe iad seo a leanas le Polasaí Chosaint Leanaí:

- **Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí**
- **Cód Iompair Polasaí Frithhbhulaíocht**
- **Polasaí Sábháilteachta Polasaí Teagmhais Chriticiúla Choláiste**
- **Treoirlínte do Mhic Léinn as Baile Rialacha an Choláiste**
- **Cód Deá chleachtais-Foireann iomlán Fir /Mná tí san áireamh**
- **Polasaí Leighis agus tinnis**
- **Polasaí Earcaíocht Foirne Polasaí Taistil**
- **Polasaí ó thaobh páistí atá á gcur abhaile**
- **Treoirlínte le haghaidh bagairt féinmharú**
- **Polasaí maidir le húsáid na meáin**

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú bhliantúil ar an pholasaí seo

Ghlac an coiste leis an pholasaí seo ar , 17/04 /2019

Sínithe : Maureen Ní Bhréadaigh 17/04/19 **Ball den Choiste**